SERA

Bart Kingma

Aistrithe ag Séamus Mac Conmidhe

focaileile

Co-funded by the
Creative Europe Programme
of the European Union

oarewurden

Grianghraf clúdaigh: Bart Kingma

1.

Taitníonn an t-atmaisféar léi ar dhul isteach sa halla di. Tá siamsaíocht na hoíche leathbhealach tríd, is léir. Tá cuid de na hógánaigh ag siúl thart go spadánta cheana féin, agus an mhuintir a bhfuil níos mó taithí acu ag caint ar a sáimhín só i ngrúpaí agus a fhios acu go bhfuil an chuid is fearr fós le teacht. Níl mórán spéise acu sa bhanna atá ag seinm. Tá an fhuaimíocht go huafásach sa trádstóras seachadta mór, ach ar an dea-uair folaíonn seo caighdeán an triúir. Breathnaíonn Mara timpeall an halla. Tá daoine a fhreastalaíonn ar fhéilte mar an gcéanna gach áit. Féasóga, tatúnna agus a lán éadaí deinime agus leathair, fáinní cluaise i ngach cruth agus méid: b'fhéidir beagáinín níos mó fáinní sróine agus fáinní cluaise plaisteacha dubha ná mar a bhíonn sa bhaile.

Tá an cuntar ar feadh thaobh fada an halla. Anseo tarraingtear deochanna leanna i ngloiní cruinne gan chruth. Ach tá seo feicthe aici ar fud thír na mBascach, mar sin ní chuireann sé isteach ná amach uirthi.

"Ar saoire?" a fhiafraíonn fear atá ag fanacht taobh léi sa scuaine don chuntar.

Braitheann sí i gcónaí beagán ciotach, amhail is gur beireadh uirthi, nuair a aithnítear láithreach í mar strainséar. Ach tá súile donn éadrom mo dhuine cairdiúil, agus tá guth bog aige.

"Cineál. Saoire oibre, a bheag nó a mhór."

"Cén cineál oibre a dhéanann tú?"

"Is amhránaí mé."

Gealann a aghaidh. Is maith leis lucht an cheoil, a deir sé. Ní sheinneann sé féin aon rud, is trua go mór leis. Mar sin féin, is minic a chastar a lán ceoltóirí dó trína chuid oibre.

Feiceann Mara go bhfuil mórtas air as sin. Níl fágtha de rogha aici ach a fhiafraí de cad é is gairm dó.

Tá sé ag obair go deonach anseo inniu mar bíonn an fhéile seo ar siúl ina bhaile féin, a fhreagraíonn sé, ach oibríonn sé de ghnáth mar ródaí do gach cineál banna sa cheantar. An chaoi sin bíonn sé ag cuardach beagnach gach ceolchoirme agus féile, sa cheantar agus i bhfad níos faide ar shiúl. Casadh amhránaí air sa Fhrainc uair amháin a bhí beagáinín cosúil léi.

Is fuath le Mara de ghnáth daoine a bhíonn ag iarraidh scéal a mbeatha go léir a bhrú isteach i gcaint cúpla nóiméad go díreach, ach ar chaoi éigin tá gnaíúlacht éigin ag baint leis an mbuachaill seo agus níl nóisean aige nach dtéann an cineál seo cainte i gcion ar chor ar bith ar bhean daichead bliain d'aois. Ach b'fhéidir go bhfuil sé róghafa leis féin lena thabhairt faoi deara nach bhfuil seans ar bith aige léi. Tá rud éigin mothúchánach ag baint leis sin. Ba chóir di a bheith cúramach agus gan gáire barraíocht leis. Measann sí go bhfuil sé timpeall ocht mbliana déag, tada níos sine. Socraíonn sí gan aon cheisteanna breise a chur, mar sin is éigean dó cur chuige eile a thriail. Ní féidir léi fós súil na bhfreastalaithe ar chúl an chuntair a tharraingt. Ach éiríonn leis an mbuachaill dhá dheoch leanna a ordú.

“An mbeidh tú ag gabháil cheoil anocht?” a fhiafraíonn sé.

“Anocht? Ní bheidh”

“Am éigin eile le linn duit a bheith anseo?”

Cuirtear dhá ghloine leanna os comhair an bhuachalla. Cuireann sé dhá bhonn síos taobh leo, agus is beag nach sleamhnaíonn siad den bhord fliuch.

Croitheann Mara a ceann. Ní bheidh, níl sé beartaithe agam. Níl aon lucht éisteachta ann faoi láthair, sin an rud a raibh sí ag súil leis. Gan daoine a bheith ag stánadh uirthi, a bheith ina duine féin arís. A fheiceáil cad é a dhéanfaidh sin di. Faoi láthair níl mórán fós le rá faoin gcuid dheireanach sin, dála an scéil.

“An dtaitníonn sé leat anseo?” Síneann sé deoch leanna chuici. “Is mise Iban, dála an scéil.”

“Sera. Go raibh maith agat. Taitníonn, braithim go bhfuil sé go hálainn anseo.” Breathnaíonn sí air gan chás gan náire, chomh neamhbhalbh agus is féidir, ach gan a bheith gríosaitheach, lena chur in iúl dó nach gcuireann sí suas le hamaidí ar bith. Ní ghéilleann sé, breathnaíonn ar ais go haigeanta, gan athrú intinne le feiceáil ina shúile donna.

“Mise chomh maith. Tá Tír na mBascach mar a bheadh parthas ann. Nuair a bhím áit eile bím i gcónaí ag iarraidh a bheith ar ais anseo arís.”

“Sea, sin an fhadhb le parthas,” a deir sí le gáire feasach. “I do shamhlaíocht amháin a bhíonn sé. Níl parthas ina pharthas go dtí go bhfuil sé fágtha i do dhiaidh agat nó nuair a bhíonn sé fós romhat.” Tá súil aici nach bhfiosróidh sé conas a tháinig sí ar thuiscint den chineál sin.

Claonann Iban a cheann go tuisceanach. Tarraingíonn sé a muinchille. Beagáinín róláidir, tá fonn uirthi tarraingt ar ais. Tugann sé faoi deara é, ligeann sé di agus cuireann ar a suaimhneas í le sracfhéachaint, ansin siúlann sé go taobh an halla. Tarraingíonn sí na cosa ina dhiaidh go géilliúil.

“Féach”, a deir sé, nuair a bhaineann siad amach an doras oscailte ónar féidir ceann na bá a fheiceáil. Tá an lá ag dul ó sholas de réir a chéile.

Breathnaíonn sí. Tá daoine a bhíonn ag iascaireacht mar chaitheamh aimsire ar na carraigeacha, long threorach ag imeacht ón gcalafort, an aeróg raidió go hard ar an aill, an rabhcán solais ag ceann na cé. Caithfidh go raibh sé lasta díreach roimhe sin.

“Féach an scríbhneoireacht ar an gcé”, a shoiléiríonn Iban.

Cuardaíonn sí. Litreacha móra bána scríofa le cailc ar an gcoincréit. ‘Presoak etxera’. Ní thuigeann sí ach an focal deiridh.

“Deir sé go gcaithfear gach cime Bascach a chur abhaile,” a deir Iban. “Is é polasaí rialtas na Spáinne na Bascaigh uile a gabhadh mar gheall ar sceimhlitheoireacht a chur i bpríosúin chomh fada ar shiúl ó Thír na mBascach agus is féidir. Tá siad go léir faoi ghlas san Analúis, Extremadura, Murcia.

Craiceáilte ar fad, ar ndóigh. Más faide ar shiúl atá siad is mó a bhreathnaíonn siad ar an tír seo mar pharthas agus is fíochmhara a éiríonn a bhféiniúlacht Bhascach. B'fhearr i bhfad iad a thabhairt ar ais anseo. An chaoi sin is féidir linn aire a thabhairt dóibh agus na brúnna sin a bhaint ar shiúl."

"Ach nach sceimhlitheoirí iad?"

Croitheann an buachaill a cheann. Ní féidir le Mara a dhearcadh a thomhas: an aontaíonn sé léi, nó an bhfuil sé míshásta le haineolas a ceiste. Fanann sé ina thost. Breathnaíonn sí uaithi ar an gcé. Tá lánúin bhreacaosta ag spaisteoireacht i dtreo an rabhcáin. Splancann an solas dearg. Tagann dhá bhád plaisteach le hiascairí leis an gcé.

Tiontaíonn sí. Tá Iban ar shiúl. Tá an sean-trádstóras seachadta lán go maith le daoine anois. Tá an príomhbhanna tosaithe cheana féin. Tá an chéad amhrán de chuid Txiki & Arrakasta díreach críochnaithe. Ach ní bhíonn iontu siúd ach seiceáil fuaime ghaládnta cibé. Tá Txiki ina sheasamh go ciotach chun tosaigh ar a thriúr ceoltóirí. Fear mór atá ann ar a bhfuil spéaclaí cearnóga agus féasóg iomlán ina bhfuil coirníní buí agus gorma crochta aige. Mar sin féin is maith léi a ghlór, atá ag teacht lena fhéasóg iomlán agus an chaoi a seinneann sé an giotár. Cuireann sé i gcuimhne di na luathnóchaidí, nuair a dhéanadh na bannaí go léir a ndícheall a bheith ar an bPearl Jam, Bush, Soundgarden nó Green Day nua. Bhí dúil aici riamh san fhuaim dhomhain sin. Is maith is féidir gur sa tréimhse sin a thosaigh Txiki agus a bhanna freisin; is cosúil go bhfuil siad go léir sna daichidí, seachas fear an dordghiotáir. Is féidir le fear an ghiotáir a bhríste leathair a chaitheamh fós, is dócha gur éirigh an drumadóir as sin tá i bhfad o shin. Ní féidir léi na liricí a thuiscint ach is cosúil go bhfuil siad dáiríre. Tá an lucht éisteachta ag canadh in éineacht leis an gcuid is mó de. Ní aithníonn Mara ach lagaithris ar The Partisan le Leonard Cohen. Buaileann sí a bosa agus breathnaíonn sí timpeall agus feiceann sí go ndeachaigh an t-amhrán i bhfeidhm go mór ar an lucht éisteachta

Timpeall deich méadar ar thaobh a láimhe clé aithníonn sí Iban. Déanann sí miongháire cúramach leis. Déanann sé gáire ar ais, siúlann ina treo. Ligeann sí dó teacht.

"An bhfuil a fhios agat an difear idir páirteasán agus sceimhlitheoir?" a fhiafraíonn sé.

Croitheann sí a guaillí.

"An teachtaire. Má easaontaíonn sé leat deir sé gur sceimhlitheoir thú. Más tú a chara, is páirteasán thú."

Breathnaíonn sé uirthi go cripteach. Níl a fhios aici dáiríre conas freagairt air.

"Mar sin, cad é thusa?" a fhiafraíonn sí.

Tugann sé sracfhéachaint timpeall. "Is gach rud gach duine anseo," a deir sé. "Sceimhlitheoir, páirteasán, íospartach, ciontach. Sin nó is leanbh le ceann acu thú."

"An mac le sceimhlitheoir thú mar sin? Nó le páirteasán? Nó ..."

"Is leanbh le gach ceann acu mé."

"Cad é atá i gceist agat?"

Ní fhreagraíonn sé.

“An bhfuil tú saor tráthnóna amárach?” a fhiafraíonn sé.

Tá, tá sí saor.

Tarraingíonn iban ticéad amach as a phóca agus tugann sé di é. “Seo. Baiona, nó Bayonne, díreach trasna na teorann. Beidh féile bertsolari ar siúl ansin amárach. An bhfuil a fhios agat cad é sin?

Tá a fhios. Chonaic sí físeáin ar Youtube den fhoirm ealaíne a bhfuil an oiread ráchairte uirthi timpeall na háite seo. Caithfidh na bertsolari liricí a chumadh ar ala na huaire bunaithe ar ábhar a thugtar dóibh ar an láthair. Caithfear amhrán a cheapadh ar an toirt agus a chur i láthair.

“An mbeidh tú ann?” a fhiafraíonn sí.

“Beidh, ach caithfidh mé a bheith ag obair”, a deir sé agus é ag déanamh gáire léi. “Sin an fáth go bhfaigheann tusa mo thicéadsa.”

2.

Ón tús is cosúil go bhfuil drochbhail ar an bhfoirgneamh, ach taobh istigh tá an halla mór imeachtaí in Bayonne cluthar teolaí. Is dóigh le Mara go bhfuil ar a laghad cúig mhíle duine sna seastáin agus sna suíocháin. Tá mothú tnúthánach sona ar crochadh san aer. Ar an stáitse tá sé shuíochán fholmha, léachtán agus spota teilifíse. Tá roinnt ceamaraí socraithe don chraoladh beo. Ní raibh mórán eile déanta le haghaidh maisiúcháin, ach tá daoine ag fanacht cheana féin agus sceitimíní orthu amháil is gur Beyoncé atá le seinm. Tá daoine a bhfuil bríste géine agus léinte póló orthu ag siúl ar chlé agus ar dheis. Ní féidir léi Iban a fheiceáil in aon áit fós.

Cuardaíonn sí an suíochán atá ar a ticéad: an ceathrú sraith, suíochán 23. Tar éis di a bealach a dhéanamh go guagach thar roinnt daoine, aimsíonn sí a suíochán, ina aice le cailín. Nó an bean óg í? D’fhéadfadh sí a bheith fiche, ach tá tríocha a cúig lán chomh dóchúil. Tá a haghaidh an-mhín, gan roc ná ball seirce le feiceáil. Tá súile donn éadrom beag ach álainn aici. Ach is é is suntasaí a gruaig ghairid dhubh, atá gearrtha i stíl Mondrian: codanna cearnógach le patrúin chiorclacha tríothu agus corrdhual fada tanaí ar crochadh dá ceann. Ní féidir le Mara a shocrú ar dtús an maith léi é, ach leis an gcolainn chaol agus an aghaidh fhíneáilte tugann an stíl ghruaige cuma ar leith don chailín, a chuireann, beagnach, éad ar Mara. Claonann an cailín a ceann le Mara, amhail is go raibh sí ag fanacht léi teacht. Níl sí cleachtaithe ar an gcineál seo fáilte sa chomharsanacht seo. Tugann sí claonadh cairdiúil dá ceann mar fhreagra agus suíonn de phlab síos sa suíochán bairille déanta de phlaisteach dearg.

Tá monabhar timpeall uirthi. Seandaoine, ach a lán daoine óga chomh maith. Tá siad ag caint, ag drandán agus ag breathnú timpeall le beannú dá lucht aitheantais.

Ansin tosaíonn an ceol agus tosaíonn gach duine ag bualadh bos agus ag canadh leis. Ó thaobhdhoras máirseálann na sé iomaitheoir san fhéile bersolari seo i líne amháin isteach sa halla. An duine deireanach ... sin Iban! Déanann Mara gáire. Nárbh fhéadfadh sé go díreach a rá léi, seachas a rá gur 'ag obair' a bhí sé? In éineacht leis na hiomaitheoirí eile téann Iban suas ar an stáitse agus glacann go faiteach leis an mbualadh bos. Tá an chuma ar an seisear acu nach raibh an t-am acu a gcuid éadaí a athrú. Níor smaoinigh an dá bhean ar ghúna deas a thriáil agus is cosúil gur fhág na fir chomh maith a léinte agus a gcasóga slachtmhara sa bhaile. Tá bríste corda an rí donn agus geansaí mairneálaí gorm á gcaitheamh ag Iban.

Nuair a chuireann an láithreoir Iban i láthair an tslua tugann an cailín in aice léi bualadh bos i bhfad níos mó ná mar a thug sí do na daoine eile. Breathnaíonn Mara uirthi go ceisteach. Déanann sí gáire.

"Sin mo dheartháir beag."

Ba cheart go mbeadh a fhios aici, ar ndóigh. An chathaoir fholamh, an fháilte chroíúil, na súile donn éadrom céanna. Claonann Mara a ceann go haigeanta agus síneann sí amach a lámh.

"Sera."

"Que sera, sera! Is mise Aran." Gealann a haghaidh go léir nuair a dhéanann sí gáire.

Bhí a fhios ag Aran go dtiocfadh Sera, a deir sí. Dúirt Iban léi. Agus déanfaidh sí a dícheall cuidiú lena haoi a thuiscint cad é atá ar tí tarlú. Claonann Mara a ceann go buíoch léi. Breathnaíonn sí ó Aran go Iban. Siúd é, an dá lámh ina phóca. Ar an stáitse is é is óige ar fad. Tá na súile céanna ag an deartháir agus an deirfiúr, an dath craicinn céanna.

"Níor inis Iban dom gur bertsolari a bhí ann."

"Coinníonn Iban ciúin faoina lán rudaí," a fhreagraíonn Aran. "Níl sé ina iomaitheoir dáiríre le fada. Ach tá bua aige, mar tá sé sa comórtas ceannais cheana féin."

Iarrann an láithreoir ar gach duine aird a thabhairt don chéad bhabhta. Caithfidh na hiomaitheoirí rólimirt a dhéanamh i mbeirteanna. Cuireann sé *What's My Line* agus cláir eile a bhaineann le tobchumadóireacht i gcuimhne do Mara, ach baintear siar aisti nuair a thosaíonn na bertsolari. Ní hamháin go bhfaigheann siad ábhar, ach meadaracht chomh maith. Níl acu ach na soicindí le scéal a cheapadh, fonn a chumadh le dul leis, smaoineamh ar liricí a théann leis an meadaracht agus a bhfuil rím iontu, agus é a chanadh. Gan aon cheoltóirí, gan aon ullmhúchán.

Anois agus arís breacann Aran síos cúpla príomhfhocal i mBéarla i leabhar nótaí a thug sí léi, agus taispeánann sí sin do Mara. Leis seo tuigeann Mara go bhfuil na bersolari ag canadh go greannmhar agus go dícheallach faoi gach ábhar a thugtar dóibh. Fágann duine amháin de na hiomaitheoirí iomlán an tí siocaithe leis na gáirí le glao gutháin ina ndéanann Donald Trump iarracht labhairt go cúirtéiseach faoi Clinton, ach níl neart aige air féin agus leanann sé ar aghaidh ag glaoch go magúil Hileahahahairí uirthi.

Tá duine eile acu ag canadh faoin gcian álainn a bhaineann le dul ar saoire i d'aonar. Faigheann na hiomaitheoirí marcanna as caighdeán an ábhair, úsáid teanga agus cumas amhránaíochta.

Tagann dath gorm ar mhéara Aran leis an méid scrioblála, a bhfuil Mara an-bhuíoch aisti. An chaoi seo is féidir léi an méid atá á rá a leanúint. In amhrán amháin cuireann Iban radharc álainn i láthair ina bhfuil dhá ghiolla beáir a fhaigheann amach nach bhfuil aon deoch fágtha. Tá an seomra go leor ar an urlár le gáire nuair a chanann Iban lena chuairteoirí gur chinnte gur iarr sé ar an soláthraí teacht timpeall an 31 Samhain.

Le linn an tsosa socraíonn na moltóirí cé a bheidh sa bhabhta ceannais. Fiafraíonn Mara cén seans atá ag Iban. Croitheann Aran a guaillí. Tá a haghaidh dearg anois, cuimlíonn sí clár a héadain. Tá súil aici go rachaidh sé ar aghaidh, tá súil aici, a deir sí.

Tá súil ag Mara chomh maith.

Tugtar breith na moltóirí don láithreoir. Léann an láithreoir an páipéar, cuireann strainc uirthi féin agus siúlann i dtreo an mhicreafóin. Is é an chéad iomaitheoir sa bhabhta ceannais Odei. Iontas ar bith é sin, a deir Aran, ba eisean rogha na coitiantachta roimh ré. IS iontas é an dara hiomaitheoir. Ligeann Aran scread aisti, ligeann Mara liú. Fuair sé isteach sa bhabhta ceannais, an buachaill óg sin a bhfuil a shúile chomh hálainn le súile a dheirfiúra. Buachaill ba mhaith léi a fháisceadh lena croí, cé nach bhfuil sí cinnte fós cén fáth.

Ní haon dóithin é an tasc deireanach. Caithfidh an bheirt acu amhrán a chanadh faoi lánúin phósta ag siúl i ngleanntán. Caithfidh an dá bertsolari smaoineadh ar mhothúcháin na lánúine san áit ina bhfuil siad agus conas a leanann an scéal ar aghaidh. Caithfidh siad é a insint i dtrí véarsa de dheich líne, ag athrú ó shé shiolla go seacht siolla, agus caithfidh rím a bheith idir gach dara líne.

Tugtar Odei amach as an seomra ionas nach mbeidh sé in ann a chloisteáil cad é a chanfaidh Iban. Tá an buachaill anois go hiomlán leis féin ar an stáitse. Tá a lámha ina phóca agus a cheann in airde aige agus é ag machnamh. Tá ciúnas sa halla. Coinneálann Mara a hanáil istigh, mar a dhéanann Aran. Ní leomhfaidh sí breathnú suas ar a deartháir agus tá sí ag stánadh ar leabhairín an chláir faoina cathaoir. Tá dlaoithe tanaí a gruaige ar crochadh síos go dtí a glúine.

Tosaíonn Iban. Tá a ghlóir beagáinín éiginnte. Cluineann Mara cnead á ligean ag an mbean taobh léi. Ón gcuid eile den lucht éisteachta braitheann sí go bhfuil rud éigin speisialta á dhéanamh ag Iban. Is féidir léi duine éigin a chloisteáil ag déanamh monabhar cainte. Tar éis an chéad véarsa cheana féin faigheann sé bualadh bos mór. Tugann Iban cúpla soicind dó féin le smaoineamh. Breathnaíonn Mara ar chlé. Tiontaíonn Aran ina treo agus deir de chogar: "Tá seo faoinár dtuismitheoirí. Tá siad colscartha. Mar gheall ar a ndearna m'athair."

Claonann Mara a ceann. Cad é eile is féidir léi a dhéanamh? Is cosúil go bhfuil a fhios ag roinnt daoine atá ina suí timpeall orthu gurb í Aran a dheirfiúr, mar tá siad ag breathnú uirthi.

Coinníonn sí a súile greamaithe den leabhairín. Is féidir a chloisteáil ó ghlór Iban go bhfuil an scéal ag dul i bhfeidhm air, ach coinníonn sé smacht air féin. Tá ciúnas iomlán ann ar feadh cúpla soicind, sula bhfaigheann an dara véarsa bualadh bos níos mó fiú ná an chéad cheann, a fhad is go bhfuil Iban ag déanamh réidh don véarsa deiridh. Níl fonn cainte dáiríre ar Aran, ach tá Mara ag breathnú uirthi i rith an ama, lán ceisteanna. “Níl Mamaí ina beatha níos mó. Chuir sí ...”. Déanann Aran comhartha lena lámh, ach is cosúil gur mhaith léi é a tharraingt ar ais láithreach.

Ansin siúlann Ibann suas go dtí an micreafón arís. Slogann sé. Tosaíonn sé ar an gcéad líne. Déanann Mara cuntas. Seacht siolla go díreach. Ansin líne de shé shiolla. Ansin ceann eile ina bhfuil ... baintear tuisle as Iban. Ansin breathnaíonn sé ar an lucht éisteachta don chéad uair. Is léir an eagla atá le feiceáil ina shúile. Ní féidir leis leanúint ar aghaidh. Buaileann sé a cheann faoi. Ligeann an lucht féachana ‘ááá’ bog astu. Tarraingíonn Iban anáil dhomhain, beireann sé ar an micreafón ina lámh, réidh le dul ar aghaidh. Osclaíonn sé a bhéal. Ach ní thagann aon fhuaim as. Breathnaíonn sé i dtreo Mara – ní hea, i dtreo a dheirfiúra. Ansin fáisceann sé a shúile druidte. Glacann sé céim siar, ar shiúl ón micreafón. Claonann sé a cheann leis an láithreoir amhail is go raibh leithscéal á ghabhail aige agus suíonn sé síos ina chathaoir agus clúdaíonn sé a shúile lena lámha. Níl aon fhuaim le cloisteáil ón halla. Díreach cosúil le gach duine eile seasann Mara amach as a cathaoir agus tosaíonn ag bualadh bos, níos tréine agus níos tréine. Ní bhainfidh Iban an babhta ceannais, ach ní féidir mothúcháin níos láidre ná seo a bheith ann.

Ansin díreach a bhreathnaíonn sí ar an duine taobh léi. Tá an cailín ina suí ina cathaoir, ní leomhann sí seasamh agus breathnaíonn sí go cráite ar dheis. Cuidíonn Mara léi seasamh. Tá daoine ag breathnú uirthi. Cuireann Mara a lámh timpeall an gcailín.

3.

Téann siad isteach sa charr. Cuireann Iban ar a súile dóibh gur féidir leo tiomáint díreach amach as an tsráid. Ansin ar chlé ag an T-ghabhal ar bhóthar amach as an sráidbhaile. Taispeánann comhartha go bhfuil bealach caoch ann tar éis 15 km.

“Tá anaclann dúlra ag ceann an bhealaigh. Tiomáinfimid píosa beag an bealach sin,” a deir sé.

Ar dtús leanann an bóthar sruthán trí ghleann, ach ag clochán tithe lúbann an bóthar suas sna sléibhte. Éiríonn an bóthar níos cúinge agus níos cúinge. Tá sé fliuch agus tá an tarra clúdaithe le duilleoga, mar sin níl sí ag iarraidh tiomáint róghasta trí na cora agus na castaí, cé go gcaithfidh sí an troitheán a choinneáil síos leis an luas a choinneáil. Tá an ghrian ag glioscarnach trí na crainn, mar sin caithfidh sí a haird a dhíriú le léargas maith a choinneáil. Ní deir Iban aon rud ach an oiread. Cuardaíonn sé trína mhála droma.

Ar feadh tamall de nóiméid téann siad fiarlán suas an cnoc. Anois agus arís faigheann siad radharc álainn den taobh tíre. Tá rothaithe sléibhe anois agus arís ag dul suas i ngiar íseal, ag tabhairt dhá thaobh an bhealaigh leo. Maolaíonn Mara, baineann a cos den troitheán le hathrú go dtí an chéad ghiar. Is ar na codanna níos leithne den bhóthar amháin atá sí cróga go leor na rothaithe a scoitheadh.

"Ar fhan tú i bhfad inné?" a fhiafraíonn sí.

Croitheann sé a cheann. "Níor fhan. B'éigean dom ádh mór a ghuí ar Odei, ar ndóigh, agus shiúil mé le cuid de na daoine ón eagraíocht agus an mhuintir eile, ach d'imíomar go gairid ina dhiaidh sin. Bíodh sin mar atá, bhí sé deas a bheith sa bhabhta ceannais, ar ndóigh. Ach ní raibh mé ag iarraidh go gcríochnódh sé an chaoi seo."

Gan ach dhá chiliméadar de bhóthar le dul, dar leis na comharthaí bóthair. Tá gort beag oscailte istigh i lúb taobh leis an mbóthar. Síneann Iban a mhéar ina threo, ag cur in iúl di gur féidir léi páirceáil ansin. Iadsan amháin atá ansin, cé go bhfuil an aimsir go hálainn. Páirceálann Mara an carr sa chaonach agus múchann sí an t-inneall. Is ansin go díreach a fheiceann sí gur ar éigean a bhfuil féasóg ar bith ag Iban. Díreach cúpla ball coinligh ar líne a ghéill, gan níos mó ná sin. Ach tá cuma níos fearr air mar gheall ar an dath dubh atá air. Téann siad amach as an gcarr. Tá táblaí picnice agus dhá bhosca bruscair. Caitheann Iban pacáistíocht phlaisteach a fuair sé ina mhála isteach i gceann de na boscaí bruscair.

Ar an taobh eile den bhóthar tá mala an chnoic sodhreaptha. Ach ó tharla go bhfuil sí righin ó bheith ina suí tá sé ina chineál de streachailt do Mara. Siúlann Iban roinnt coiscéimeanna roimpi. Tar éis roinnt nóiméad baineann siad an barr amach. Tá gearranáil ar Mara, ach de réir mar a thagann sí chuici féin tugann sí faoi deara an ciúnas iomlán. Ní féidir éin nó cloigíní na mba féin a chloisteáil. Tagann Iban ar leac mhór ag gobadh amach as an bhfásra agus suíonn uirthi. Uaidh seo tá radharc ar na sléibhte a bhainfeadh an tsúil as duine. Suíonn Mara taobh leis. Os a gcomhair amach feiceann siad mullaigh cnoc. Carraigeacha liatha mar chláibíní ar chóin dhonna. Go ciúin ligeann siad don radharc dul i bhfeidhm orthu. Tá rud éigin ar crochadh san aer. Clamhán, nó seabhac b'fhéidir? Déanann sé fáinní móra gan a sciatháin a bhualadh.

"Níl aon duine ina chónaí anseo níos mó," a deir Iban. "Tagann an bóthar chun deiridh taobh thiar de dhroim an tsléibhe seo."

"Mar sin, duitse ní hí an fharraige deireadh an domhain, ach an talamh," a deir Mara, ag déanamh miongháire.

Ní thugann Iban aon fhreagra air seo. "Is minic a thagann daoine ón sráidbhaile anseo le beacáin nó smeartha a phiocadh. Ní thagann eachtrannaigh seo mórán mar tagann sé chun críche sa dubh-iargúltacht. Mar sin, tá sé ar nós ár ndomhan beag féin anseo."

"Ar rugadh anseo thú?"

“Rugadh. Mar a rugadh m’athair agus mo mháthair. Tá an tír seo inár gcuid fola.”

“Feicim cén fáth a bhfuil grá agat don tír seo. Tá sí chomh hálainn sin.” Tá sí lán dáiríre.

“Sin ár bpionós,” a deir Iban. “Tá sé chomh fíorálainn anseo nach smaoinímid fiú ar chónaí in aon áit eile. Gafa sa pharthas. Nach bhfuil, dá réir, ina pharthas níos mó.”

Claonann sí a ceann le taispeáint go dtuigeann sí. Faigheann Iban buidéal leanna úill óna mála agus ólann sé díreach ón mbuidéal, ansin tairgeann sé do Mara é. Níl sí cinnte an nglacfaidh sí leis, ag smaoineamh ar na cora a gcaithfidh sí a bealach a dhéanamh tríothu ar an mbealach ar ais.

Tugann sé faoi deara an drogall atá uirthi. “Ní dhéanfaidh braon beag aon dochar. Is ar éigin go bhfuil alcól ar bith ann.

Glacann sí cúpla súimín. Tá sé an-deas.

“Ba ghnáth leo rásaí a bheith acu anseo. Ar dtús d’óladh siad buidéal iomlán leanna úill thuas anseo, ansin d’fheiceadh siad cé ba ghasta a d’fhéadfadh dul go bun an ghleanna. Ina seancharranna reaite: Kadetts, Taunasses agus mar sin de. Ba mhinic m’athair san iomaíocht.”

“Nár gortaíodh aon duine riamh?”

Baineann sé croitheadh as a ghuaillí. “Ní dhéanann aon duine é níos mó. An siúlfaimid píosa eile?” Síneann sé a mhéar ar dheis. Ní cosúil gur dreapadh géar atá ann, agus bheadh siad ag fanacht os cionn líne na gcrann. Géilleann Mara. Éiríonn siad agus tosaíonn ag siúl.

“An bhfuil tú i do chónaí leat féin le d’athair?”

“Tá.” Breathnaíonn sí air go ceisteach, ag tnú le tuilleadh. Déanann sé moill bheag. “Tá cónaí ar Aran in Donostia, léi féin. Téim ansin measartha minic. Ach ní féidir liom m’athair a fhágáil leis féin níos faide ná oíche amháin, mar sin pillim i gcónaí.”

“Cad é atá cearr leis?” Tá an cosán cúng anseo, le céimeanna cloiche ag dul suas. Téann Iban chun tosaigh. Tá gach anáil ag teastáil uathu don dreapadh seo. Tá a fhios Mara go dtugann seo deis dó caint a sheachaint. Ní mhaíonn sé air an bealach éalaithe sin.

Fanann Iban go dtí go mbaineann siad an barr amach. “Is go mall a thosaigh sé. Théadh sé amach níos lú agus níos lú. Dhún gach rud síos. Inár dteach ach freisin ann féin. Ní dhéanadh sé caidreamh le daoine eile a thuilleadh. D’fhan sé ina bhlaosc.”

“An raibh cúis ar bith leis; cén uair a thosaigh sé?” A fhiafraíonn Mara.

Breathnaíonn Iban timpeall. Tá an bóthar tarra caoga méadar thíos fúthu, díreach síos uaidh sin. Tá na páirceanna oscailte anseo, fánaí na gcnoc géar. Síneann Iban méar sa treo sin. “Bhí, thosaigh sé thall ansin.”

Bhí leathuair ag teastáil uathu le dul ‘ansin’. Ghlac siad an bealach fada timpeall mar bhí sé róchontúirteach dul díreach síos. Bhí na cosáin sleamhain cheana féin, agus crochta. B’éigean dóibh dul trí phíosaí coille, ach anois bhí sé lom arís.

Caithfidh siad labhairt níos airde ná mar ba mhaith le Mara mar gheall ar fhuaim an uisce i sruthán. Tagann an cosán chun críche ag droichead beag stroighin trasna an uisce. Siúlann Iban ina threo agus stadann sé. Breathnaíonn Mara timpeall uirthi. Tá sléibhte thart timpeall an ghleanna, ar nós babhla mór. Tá an bóthar tarra ina lúb timpeall orthu, céad méadar os a gceann.

Bhí siad ina gcairde ó bhí siad beag, a dúirt Iban léi ar an mbealach síos. A athair agus Xabier. Shúgraíodh siad sna sráideanna le chéile, théadh siad ar scoil le chéile, agus shiúladh siad abhaile le chéile tráthnóna mar bhí siad ina gcónaí taobh le chéile. Bhí na bréagáin chéanna acu, cheannaigh siad an mhóipéid chéanna, mhalartaíodh siad ceol agus cailíní, agus théadh siad sa charr le chéile leis na rásaí síos an cnoc a bhuachaint.

"Agus ansin thosaigh siad beirt clann?" a fhiafraíonn Mara agus í ina suí ar cheann de na céimeanna ar an droichead.

"Phós siad beirt cailín óna sráidbhaile. Ní raibh mórán ban ansin, mar sin bhí rudaí cineál fite fuaite trína chéile. Ach d'oibrigh siad amach astu féin. Bhí garáiste ag m'athair mar a ndeisíodh sé carranna, rothair agus móipéidí. Agus bhí jab ar an taobh aige mar chuiréir, ag iompar pacáistí chun na cathrach agus mar sin de. Bhí Mamaí ag obair sa bhácús, mar a dtagadh iomlán mhuintir an tsráidbhaile isteach le caife nó txakoli a ól agus pintxos a ithe. Nuair a bhíomar beag ba mhinic mise agus Aran ag dul ansin agus míníneacht a fháil. Bhí bean Xabier ag obair ansin chomh maith, ach níor réitigh sí le mo mháthair chomh maith agus a réitigh a bhfir le chéile."

"Agus ar chuir sin deireadh leis an gcairdeas?"

Chroith Iban a cheann. "Chuaigh Xabier isteach sa pholaitíocht. Rud nár chuir muintir an tsráidbhaile fáilte roimhe. Chuaigh sé isteach sa Partido Popular. Díreach ó thaobh Franco, dar leis na daoine anseo. Bhí ár sráidbhaile an-bhródúil as a n-oidhreacht Bhascach, ar ndóigh, mar sin bheadh fadhb ag duine ar bith de lucht leanúna Franco Mar sin féin, d'fhás Xabier aníos i dteaghlach a chreid go hionraic go mbeadh stát aonadach níos fearr don tír. Agus shocraigh Xabier é féin go luath mar pholaiteoir tábhachtach sa réigiún." Faigheann Iban tortilla óna mhála droma agus tairgeann é di. Diúltaíonn Mara.

"D'éirigh le m'athair agus Xabier fanacht ina gcairde mar sin féin," a leanann Iban ar aghaidh. "Bhí sé deacair, ach dar le m'athair thiocfadh leo a gcairdeas a choinneáil scartha ón bpolaitíocht. Ní labhraíodh siad faoi go díreach, a deireadh sé. Choinnigh siad orthu ag teacht chun na sléibhte, de shiúl na gcos nó i ngluaisteán. Tar éis do m'athair carr a dheisiú thiomáineadh sé é go dtí an barr agus ar ais mar thástáil." Baineann Iban greim as an tortilla agus titeann ciúnas air.

Breathnaíonn Mara timpeall uirthi le beagán ama a thabhairt dó. Téann carr síos an bóthar agus is féidir leo é a chloisteáil agus é ag athrú giaranna. Éiríonn Iban agus siúlann sé go dtí an ceann eile den droichead. Síneann sé a mhéar i dtreo na gcéimeanna ar an taobh sin. Tá siad ag meilt ar an imeall, tá na slata daingnithe le feiceáil sna scoilteanna.

“Is anseo a tháinig deireadh le Xabier. Am éigin i ndeireadh na nóchaidí thiomáin sé féin agus m’athair síos an cnoc i ndiaidh a chéile. D’imigh Xabier den bhóthar, thit sé síos an gleanntán. Stad a charr ag bun an droichid seo. I ndiaidh don charr iompú níl a fhios agam cé mhéad uair, ar ndóigh.”

Breathnaíonn Mara air. Tugann sí faoi deara nach amháin gur scriosadh cuid de na céimeanna sa timpiste, ach struchtúr iomlán an ailt chomh maith.

“Agus cad é faoi d’athair?”

“Dúirt sé nach raibh faic ann a d’fhéadfadh sé a dhéanamh. B’iontach leis gur shleamhnaigh Xabier go tobann ar stráice díreach den bhóthar agus go ndeachaigh sé síos an aill, a dúirt sé.

“Agus ní fhéadfadh sé aon rud a dhéanamh le cuidiú leis?”

Croitheann Iban a cheann. “Dúirt sé nach bhféadfadh. Ach ansin chuir ETA ráiteas amach gur éirigh leo Xabier a fheallmharú. Chuir sin síol an amhrais.”

“Caithfidh go raibh sé sin uafásach do d’athair. An raibh sé ina amhrásán ansin?”

“Níl a fhios agam cad é a chreid gach duine. Ach gheall m’athair gur timpiste a bhí ann. Mar sin féin d’athraigh gach rud ina dhiaidh sin. Thosaigh daoine á sheachaint, chaill sé custaiméirí; ní fhéadadh mo mháthair a bheith ag obair taobh le bean Xabier níos mó agus b’éigean di éirigh as. Bhí cruatan ann sa bhaile. Níos lú airgid, níos mó teannais. D’éirigh teannas idir mo thuismitheoirí chomh maith. Chluinimis iad ag argóint níos mó agus níos mó. San oíche choinnigh mise agus Aran greim daingean ar a chéile, ach ní raibh sin ina chuidiú. Ghuigh sí ar son grá, ach níor tháinig sé. Bhí m’athair sa bhaile níos mó agus níos mó, mar bhí sé ag fáil níos lú oibre sa gharáiste. Stad sé de bheith ag obair mar chuiréir, ach ní raibh a fhios againn cén fáth. Agus ní imíodh sé ón teach níos mó. De réir a chéile d’éirigh sé dofhulaingthe sa bhaile. Ag an tús d’fhanadh siad go rabhamar inár luí sula dtosaíodh siad ag argóint, ach sa deireadh ní raibh siad in ann fanacht go dtí sin fiú. Bhí an bholcáin ar tí brúchtadh.”

“Agus bhrúchtaigh sé sa deireadh?

“Faoi dheireadh chuir Mamaí scian lena scornach. Nó geall leis. Tráthnóna amháin bhí sí ina seasamh os a chomhair ag croitheadh rud éigin thart. Ní cuimhin liom a thuilleadh an scian a bhí ann, ach uirlis chistin de chineál éigin a bhí ann. Bhíomar inár seasamh i mbéal an dorais, ach níor thug siad faoi deara fiú. Bhí Mamaí toilteanach é a ghortú mura ndéarfadh sé amach cad é a tharla an lá ar athraigh a saol go hiomlán. Faoi dheireadh d’admhaigh m’athair é.”

“Nár thimpiste a bhí ann?”

Claonann Iban a cheann. Caitheann sé an mála droma siar ar a dhroim. Leanann siad an cosán céanna ar ais. Tar éis tamaill fágann siad an aillt ina ndiaidh agus siúlann siad trí na coillte arís. Tá sé deas ciúin anseo. Tá na crainn scaipthe anseo agus ansiúd, taipéis mhór dhonn amháin eatarthu. Ropann Mara na duilleoga suas.

Anois caithfidh siad dreapadh arís, mar sin féachann Mara le hiad a mhoilliú, sula mbeidh sé dodhéanta dóibh labhairt faoi níos mó. Tosaíonn sí ag siúl roimhe, droim ar ais, a haghaidh le Iban. Tuigeann sé. Stadann siad.

"Ní raibh a chuid oibre mar chuiréir chomh soineanta sin. Bhí Daidí i dteagmháil le ETA, choinnigh iad ar an eolas faoina raibh ar siúl sa sráidbhaile agus d'iompair earraí dóibh. Is dócha gur fholaigh sé airm dóibh áit éigin thuas anseo sna sléibhte. Tá go leor féidearthachtaí lena aghaidh sin anseo. Cibé ar bith, lá amháin fuair sé an t-ordú Xabier a chur chun báis. Níor leomh sé diúltú, ach bhí sé á chrá féin faoi ar feadh na seachtainí, a dúirt sé linn an oíche sin. Ní fhéadfadh sé an cara is fearr aige a scaoileadh. Go fóill féin, thacaigh sé leis an smaoineamh gur chóir fáil réidh le polaiteoirí frith-Bhascacha mar Xabier, agus ní fhéadfadh sé ordú ó Eta a dhiúltú. Sa deireadh rinne sé cinneadh. D'iarr sé ar Xabier bualadh leis ar an sliabh, agus mheall sé é le rás amháin eile a bheith aige leis go bun an tsléibhe. Bhí siad ar an stráice díreach sin den bhóthar atá leathan go leor do dhá charr. Bhí m'athair in ann a charrsa a thiomáint taobh le carr Xabier agus é a reáchtáil den bhealach."

Aimsíonn Mara crann le taca a bhaint as. Seasann Iban os a comhair, ag tarraingt fáinní sna duilleoga lena ladhra.

"Chuaigh m'athair síos go dtí an carr, lena lorg a chlúdach agus an scéal a dhéanamh increidte. Ansin chuaigh sé ag lorg cabhrach. Shíl sé go bhfaigheadh sé ar shiúl leis an chaoi sin. Chloígh sé lena scéal, fiú nuair a thosaíodh daoine á cheistiú. Ach de réir a chéile thosaigh sé ag cailleadh a chothromaíochta. D'fhan sé ina thost ar feadh cúpla bliain, ach ansin chuir mo mháthair ag caint é. An t-aon uair amháin sin."

"Agus ní fhéadfadh sí maireachtáil leis an nochtadh sin? An gleanntán ar chan tú faoi aréir ..."

Claonann Iban a cheann go mall. "Duine atá ag iarraidh an foréigean a cheilt, cruthaíonn sé namhaid dhofheicthe nach féidir leis a chloí. Uaidh sin tá m'athair ag maireachtáil gan a bheith ann dáiríre. Ní féidir leis a bheith i measc daoine eile, ach ní féidir leis a bheith leis féin ach oiread. Tá gach féinsmacht air féin caillte aige.

Caitheann Iban a mhála droma isteach sa suíochán cúil. Tosaíonn Mara an carr. Cúlaíonn sí go mall suas an bóthar. Ansin athraíonn sí go dtí an dara giar láithreach, ansin is beag nach saor-rothlaíonn an carr síos an cnoc. Ar an stráice den bhóthar ar imigh Xabier den bhóthar tá bacán tuairte alúmanaim ina sheasamh, péinteáilte dearg agus bán.